Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 10 Eanáir 2023
(OR. en)

15459/22

Comhad Idirinstitiúideach:
2022/0389 (NLE)

POLCOM 195
COASI 227
ASIE 104

GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

Ábhar:	CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe arna bhunú faoin gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin a mhéid a bhaineann le liosta na ndaoine aonair atá toilteanach agus inniúil chun feidhmiú mar shaineolaithe a bhunú, agus le rialacha nós imeachta an phainéil saineolaithe a ghlacadh, dá dtagraítear in Airteagal 16.18 den Chomhaontú sin

CINNEADH (AE) … ÓN gCOMHAIRLE

an …

maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe arna bhunú faoin gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin a mhéid a bhaineann le liosta na ndaoine aonair atá toilteanach agus inniúil chun feidhmiú mar shaineolaithe a bhunú, agus le rialacha nós imeachta an phainéil saineolaithe a ghlacadh

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Thug an tAontas an Comhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin (‘an Comhaontú’) i gcrích le Cinneadh (AE) 2018/1907 ón gComhairle[1] agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Feabhra 2019.

(2) De bhun Airteagail 16.18(4), pointe (d), den Chomhaontú, tá an Coiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe ('an Coiste') le liosta de dheichniúr ar a laghad a bhunú atá toilteanach agus in ann feidhmiú mar shaineolaithe ar an bpainéal a bheidh le tionóil chun scrúdú a dhéanamh ar ábhair a bhaineann le léirmhíniú nó cur i bhfeidhm Airteagal ábhartha de chuid Chaibidil 16.

(3) De bhun Airteagal 16.18(2) den Chomhaontú, tá an Coiste chun na rialacha nós imeachta don phainéal saineolaithe a ghlacadh.

(4) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste a bhunú, mar go mbeidh an cinneadh atá beartaithe ina cheangal ar an Aontas.

(5) De bhun Airteagail 22.3(3) den Chomhaontú, féadfaidh an Coiste cinntí a ghlacadh i scríbhinn,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

[1] Cinneadh (AE) 2018/1907 an 20 Nollaig 2018 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin (IO L 330, 27.12.2018, lch. 1).

Airteagal 1

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa Choiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe arna bhunú faoin gComhaontú Comhpháirtíochta Eacnamaíche idir an tAontas Eorpach agus an tSeapáin a mhéid a bhaineann le liosta na ndaoine aonair atá toilteanach agus inniúil chun feidhmiú mar shaineolaithe a bhunú agus le rialacha nós imeachta a ghlacadh do phainéal na saineolaithe, dá dtagraítear in Airteagal 16.18 den Chomhaontú sin, beidh sé bunaithe ar dhréachtchinneadh an Choiste atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil …,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán